# Dís - 2019 Páipéar 2, Ceist 2A

## “Tá léiriú sa ghearrscéal Dís ar shaol agus ar mheon bhean Sheáin.” Déan plé ar an ráiteas sin. *("The short story Dís is an expression of the life and spirit of Seán's wife." Discuss this statement.)*

Faighimid **léiriú an-soléir** *(very clear account)* sa ghearrscéal ‘Dís’ ar shaol agus ar mheon bhean Sheáin. Is bean tí í bean chéile Sheán agus **caitheann sí a cuid ama go léir sa bhaile** *(she spends all of her time at home)*. Gach lá, caithfidh sí **dualgais tí** *(household chores)* a dhéanamh cosúil le cócaireacht, glanadh agus **aire a thabhairt don leanbh** *(caring for the baby)*. I mo thuairim, **ní oireann an múnla traidisiúnta seo** *(this traditional model doesn’t fit)*. Feicimid sampla dá meon nuair a ghlacann sí páirt sa suirbhé faoi mná nach bhfuil sásta ina bpoist. Glacann an bhean páirt sa súirbhe mar bhí sí crosta le Seán toisc nach raibh aon airgead aici chun **sorn nua a cheannach** *(to buy a new stove)* agus **níor thug Seán aon aird uirthi** *(Seán didn’t give her any attention)*. Tá an léiriú seo ar shaol bhean chéile Sheáin an-tabhachtach sa scéal.

Faighimid **léiriú tábhachtach** *(important indication)* eile ar mheon na mná nuair a fhoghlaimid go raibh **sí ag iarraidh post bean an tsuirbhé a líonadh le linn a saoire máithreachais** *(she wanted to fill the survey woman’s job while she was on maternity leave)*. Tá an bhean uaigneach agus leadrán uirthi sa bhaile gach lá. Tá an leanbh an-óg, **ní raibh sí ábalta caint leis i gceart** *(she couldn’t talk to him properly)*. Tá **meon nua-aimseartha** *(modern mindset)* aici - ba mhaith léi a bheith ina **bean oibre** *(working woman)* in ionad bean tí.

Freisin, tá frustrachas ar an mbean. Sa ghearrscéal, **ní raibh aon ainm tugtha di** *(she was given no name)* - rud **neamh-phearsanta** *(impersonal)* atá inti. **Tá meon diúltach aici maidir le stádas na mban sa tsochaí** *(she has a negative attitude towards the status of women in society)*. Feicimid é seo nuair a luann bean Sheáin **an áit thábhachtach a bhíodh ag seanmná i sochaí na hÉireann fadó** *(the important place that old women once played in Irish society)* - **bhí meas ag daoine eile ar a gcuid eolais agus taithí** *(their knowledge and experience was appreciated by others)*. Freisin, deir bean Sheáin **go searbhasach**

*(sarcastically)* go raibh **ciall ag baint leis an nós a bhí ag na Sínigh mná chéile a dhó nuair a fuar an fear céile bás** *(the Chinese custom of burning wives when the husband died made sense)*. Is léir ó seo nách bhfuil sí sásta ina ról mar **bhean tí lánaimseartha** *(full-time housewife),* a aistríonn go meon thar a bheith diúltach.

Faighimid léiriú eile ar shaol na mná trína caidreamh lena fear céile. Níor thug sé **aird** *(attention)* ar a bhean. Tá **easpa meas** *(lack of respect)* agus **easpa cumarsáide** *(lack of communication)* ina gcaidreamh. Feicimid é seo **nuair a thiteann an fear ina chodladh** *(when the man falls asleep)* ag deireadh an scéil. Deir an bhean le bean an tsuirbhé nach raibh sí sásta ina pósadh. Tugann sé seo léiriú soiléir dúinn ar shaol agus ar mheon na mná.